# Maigh Eo Fiáin | Wild Mayo

## Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris
## Destination and Experience Development Plan



2026-2031

Fáilte Ireland

WILD ATLANTIC WAY

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

# Clár ábhar Table of contents


**Achoimre Fheidhmeach** ........................................... 1
**Ár gCuspóirí** ........................................................ 2
**Dúshláin a dtabharfar aghaidh orthu** ........................ 3
**Creat Straitéiseach** ................................................. 5
**Téamaí Forbartha Ceann Scríbe** ................................ 6
*Ár nEachtra Fhiáin* ....................................................... 7
*Oidhreacht ár mbeatha, ár dtalún agus ár bhfarraige* ............ 7
*Ár gCeann Scríbe Beoga agus Nasctha* ................................ 7
**Tionscadail Chatalaíocha Cinn Scríbe** ......................... 8
**Tionscnaimh Tacaíochta** ......................................... 10
**Fís** ............................................................................ 11
**Spriocthorthaí** ...................................................... 12
**Príomhtháscairí Feidhmíochta DEDP** ........................ 13


Is cáipéis achomair í seo. Tá cóip de Phlean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris iomlán Mhaigh Eo Fhiáin ar fáil ar www.failteireland.ie nó ar iarratas chuig wildmayodedp@failteireland.ie








# Achoimre Fheidhmeach Executive Summary

Is plean cúig bliana é Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Mhaigh Eo Fhiáin (PFCSE) ina leagtar amach creat straitéiseach chun Maigh Eo Thuaidh a shuíomh mar cheann scríbe den chéad scoth le haghaidh eispéiris fhásaigh, chultúir agus thumtha amuigh faoin aer. Leagtar béim sa phlean ar imeallbhoird dhrámatúla an réigiúin, ar thailte portaigh garbha, ar phobail bhríomhara, agus ar oidhreacht domhainfhréamhaithe – agus iad freamhaithe ag an nGaeilge mar príomhshócmhainn chultúrtha. I PFCSE Mhaigh Eo Fhiáin féachtar le cruthaitheacht agus taiscéalaíocht a spreagadh trí scéalaíocht bharántúil, conairí dea-fhorbartha, agus rannpháirtíocht fhiúntach leis an tírdhreach agus leis an traidisiún.

Tá an plean ag teacht leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta Turasóireachta agus le Straitéis Turasóireachta Réigiúnach Shlí an Atlantaigh Fhiáin (2023-2027) agus díríonn sé ar nithe is díol spéise atá ann cheana a neartú, eispéiris nua ar feadh na bliana a chruthú, agus bailte agus sráidbhailte a fhorbairt mar mhoil bheoga dea-sheirbhísithe do chuairteoirí.

I measc na bpríomhchuspóirí tá oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha Mhaigh Eo Thuaidh a cheiliúradh, samhlacha turasóireachta inbhuanaithe agus mall a chur chun cinn, agus a cur mar bhunchloch na féiniúlachta. Sa phlean tugtar tús áite freisin d'infreastruchtúr agus do sheirbhísí turasóireachta feabhsaithe chun freastal ar riachtanais na gcuairteoirí agus na bpobal áitiúil.

Trí théamaí forbartha cinn scríbe, Ár nEachtra Fhiáin, Ár nOidhreacht Bheatha, Talamh agus Farraige, agus Ár gCeann Scríbe Beoga agus Nasctha, i PFCSE tugtar breac-chuntas ar chonairí chun eispéiris láidre a fhorbairt a'chun an chothromaíocht a aimsiú idir caomhnú agus fás eacnamaíoch. Ar an iomlán, soláthraítear sa phlean treochlár soiléir chun tairiscint turasóireachta shainiúil, inbhuanaithe a sheachadadh lena neartaítear tarraingt agus athléimneacht fhadtéarmach Mhaigh Eo Thuaidh.

Béal an Átha. ©Bhoto Bartek Rybacki agus Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh

# Ár gCuspóirí Our Objectives

## Suíomh agus Aitheantas an Chinn Scríbe

- An moladh 'Maigh Eo' a neartú trí theachtaireachtaí comhtháite páirtithe leasmhara, agus Tuaisceart Mhaigh Eo a shuíomh mar phríomhcheann scríbe eachtraíochta fiáine.

## Síneadh an séasúr turasóireachta

- Díol spéise do chuairteoirí atá ann cheana a threisiú agus eispéiris nua a fhorbairt chun iniúchadh a dhéanamh i Mhaigh Eo Thuaidh ó cheann ceann na bliana.

## Bailte agus Sráidbhailte mar Mhoil Chuairteoirí

- Feabhas a chur ar luach turasóireachta na mbailte agus na sráidbhailte trína bhforbairt mar mhoil bheoga dea-sheirbhíse a spreagann am a chaitheamh ansin, taiscéalaíocht agus úsáid ar feadh na bliana.

## Comhshaol, Oidhreacht agus Turasóireacht Inbhuanaithe

- Ceiliúradh a dhéanamh ar an timpeallacht agus ar an oidhreacht trí mheas a chothú ar oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha Thuaisceart Mhaigh Eo, agus samhlacha turasóireachta inbhuanaithe agus malla a chur chun cinn ag an am céanna.

## An Ghaeltacht agus Oidhreacht Bheo Chultúrtha

- Cur leis an nGaeltacht trí thacú le heispéiris thumtha Ghaeilge a fhorbairt, í a shuíomh mar bhunchloch d'oidhreacht chultúrtha bheo.

## Bonneagar Turasóireachta agus Fóntais

- Bonneagar láidir turasóireachta agus fóntais dea-sheirbhísithe a chruthú thart ar shócmhainní nádúrtha Mhaigh Eo Thuaidh chun freastal ar riachtanais na gcuairteoirí agus na bpobal áitiúil araon.

## Ailíniú Straitéiseach agus Beartais

- Seachadadh a ailíniú leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta Turasóireachta agus le cuspóirí Straitéis Turasóireachta Réigiúnach Shlí an Atlantaigh Fhiáin.



Ardeaglais Naomh Muredach, Béal an Átha

# Dúshláin le tabhairt fúthu Challenges to be addressed

## Scéal Maigh Eo Fhiáin a thógáil

- Na scéalta, na téamaí agus na heispéiris iomadúla atá ann cheana féin ar fud Mhaigh Eo Thuaidh a thabhairt le chéile, ionas gur féidir le cuairteoirí féiniúlacht uathúil an réigiúin a thuiscint, a leanúint agus dul i ngleic léi ar bhealach níos éasca.

## Lóistín

- Is príomhdhúshlán struchtúrach é soláthar cóiríochta atá neamhleor agus srianta go séasúrach, lena n-áirítear campáil, chun freastal ar éileamh agus fás an chinn scríbe ar bhonn inbhuanaithe a chumasú.

## Turasóireacht Chócaireachta

- Tá an turasóireacht chócaireachta á forbairt mar chomhpháirt shainiúil agus ar feadh na bliana d'eispéireas na gcuairteoirí, go háirithe lasmuigh de na príomh-mhoil.
- Bíonn tionchar ag infhaighteacht theoranta agus comhsheasmhacht theoranta maidir le roghanna bia agus bialann lasmuigh de na príomh-mhoil, mar aon le deacrachtaí maidir le bia mara áitiúil a chur ar taispeáint, ar eispéireas agus ar fhad fanachta an chuairteora.
- Ní mór measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun oibriú le táirgeoirí bia áitiúla chun eispéiris nua agrathurasóireachta a fhorbairt.

## Ag tacú le bonneagar

- Ní leor bonneagar cuairteoirí ná naisc iompair ar bhonn comhsheasmhach fós chun tacú le húsáid mhéadaithe ar fud an réigiúin.
- Líonra conairí agus glasbhealaí níos nasctha agus níos comhordaithe a fhorbairt lena nasctar áiteanna, daoine agus eispéiris, agus taisteal gníomhach agus caitheamh aimsire lasmuigh a spreagadh ag an am céanna.
- Tá gá le bonneagar cumasúcháin a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí lasmuigh thar thimpeallachtaí talamhbhunaithe, cósta agus uiscebhunaithe.

## Líonrú, comhordú agus idirphlé

- Líonrú feabhsaithe agus éifeachtach agus leibhéal níos mó cumarsáide idir gach cineál páirtí leasmhar.

## Meantóireacht agus forbairt acmhainne

- Gá le deiseanna fiontraíochta neamhréadaithe a thabhairt chun cinn, go háirithe i ngníomhaíochtaí, i dtreorú, in agrathurasóireacht agus i seirbhísí bia.



Baile an Chaisil. ©Bartek Rybacki agus Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh



Cill Ala ©Bartek Rybacki agus Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh

# Creat Straitéiseach
# Strategic Framework

## FÍS VISION

**Maigh Eo Fiáin:** Áit a mheallann an t-anam, aithnítear Maigh Eo Fhiáin mar cheann scríbe iontach amuigh faoin aer a thairgeann fásach agus eachtra thumthach do chách. Óna imeallbhoird iontacha go dtí a tailte portaigh garbha, tá tídhreach sa réigiún lena spreagtar cruthaitheacht agus lena dtugtar cuireadh don taiscéalaíocht. Saibhir ó thaobh na staire, na hoidhreachta, agus an chultúir de, cuireann Maigh Eo Fhiáin beocht ina scéalta trí chosáin thumtha, trí phobail bhríomhara, agus trí thraidisiúin cheiliúrtha. Déantar an Ghaeilge a chosaint agus á labhairt go bródúil, a chuireann téagar agus barántúlacht le gach eispéireas. Bíodh siad ag siúl ar chosáin ársa, ag bualadh le ceardaithe áitiúla, nó go simplí ag líonadh a gcuid scamhóg le haer an Atlantaigh fhiáin, fágtar cuairteoirí faoi dhraíocht, agus cumha orthu ina dhiaidh.

## Téamaí Forbartha Ceann Scríbe Destination Development Themes

**Ár n-Eachtra Fhiáin**


**Ár nOidhreacht Bheatha, Talamh agus Farraige**

**Ár gCeann Scríbe Beoga agus Nasctha**

| | |
|---|---|
| Tionscadail Catalaíoch | Cósta an Chéide • Bealach an Iarthair agus Líonra Cosán Mhaigh Eo Thuaidh • An Ghaeltacht • Baile Bhéal an Átha • Baile Chill Ala • Cóiríocht • Tógáil Acmhainne |
| Ag tacú le Tionscnaimh | Bonneagar chun Tacú le Gníomhaíochtaí Uiscebhunaithe • Tionscnaimh chun Tacú le Slatiascaireacht • Loch Con agus Loch Cuilinn • Líonrú Scéalaíochta agus Ionaid Léirmhínithe do Chuairteoirí • Earnálacha atá ag Teacht Chun Cinn a Neartú • Inrochtaineacht |

# Téamaí Forbartha Ceann Scríbe
# Destination Development Themes

I dtrí théama forbartha cinn scríbe leagtar béim ar fhócas an chatalaíoch agus na dtionscnamh tacaíochta.





Cloigtheach Chill Ala ©Bartek Rybacki agus Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh

# Téamaí Forbartha Ceann Scríbe Destination Development Themes

## Ár nEachtra Fhiáin

Múnlaíonn sceirdiúlacht lom Mhaigh Eo Fhiáin, spásanna fairsingeacha, agus fuinneamh cumhachtach talún agus farraige eispéireas eachtraíochta sainiúil a chumascann an gliondar i dteannta an aonarachais. Leis an téarma sin dírítear ar fhiántas Mhaigh Eo Thuaidh a ardú, ar bhonneagar eachtraíochta a neartú, agus ar thacú le deiseanna nua i ngníomhaíochtaí lasmuigh agus i seachadadh eispéireas.

## Oidhreacht ár mBeatha, ár dTalún agus na Farraige

Tá sraitheanna scéalta le fáil i Maigh Eo Fhiáin – ó Ghaeltacht Iorrais go mainistreacha ársa, traidisiúin ealaíonta, agus caidreamh domhain cultúrtha leis an tírdhreach agus leis an inbhuanaitheacht. Leis an téama seo tugtar na scéaltaí sin chun tosaigh, ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana agus ag ailíniú le straitéisí reatha chun ár n-oidhreacht a nochtadh ar bhealaí speisialta, fiúntacha agus tacú le hinfheistíocht agus cur chun feidhme leanúnach.

## Ár gCeann Scríbe Beoga agus Nasctha

Múnlaíonn croíúlacht, barántúlacht agus spiorad láidir phobal Mhaigh Eo Fhiáin ceann scríbe fáilteach atá fréamhaithe sa ghnáthshaol. Leis an téama sin tugtar tús áite d'eispéireas láidir do chuairteoirí ó cheann ceann na bliana trí chomhoibriú níos láidre le tionscal, rochtain fheabhsaithe ar áirithintí agus ar fhaisnéis, roghanna feabhsaithe lóistín agus iompair, agus fóntais dea-chothabhála – rud a chruthaíonn ceann scríbe lán-nasctha, ceann scríbe nach bhfuil á shárú le fáil.



Cadhcóirí farraige ag dul thar an mBodach



Eastát Mount Falcon




Ionad Cuairteoirí Achaidh Chéide


# Tionscadail Chatalaíocha Cinn Scríbe
# Destination Catalyst Projects



### Cósta an Chéide
Conair chósta den chéad scoth 15 km a nascann dhá phríomh-mhealltóir – ar ceann amháin, suíomh Neoiliteach Achaidh Chéide agus Ionad Cuairteoirí a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus ag ar gceann eile, Ceann Dhún Pádraig, Pointe Fionnachtana Aitheantais ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.



### Bealach an Iarthair agus Líonra Cosán Mhaigh Eo Thuaidh
Forbairt Shlí an Iarthair agus conairí nasctha ar fud Mhaigh Eo Thuaidh a chur chun cinn chun an réigiún a bhunú mar phríomhcheann scríbe don fhánaíocht agus don rothaíocht den chéad scoth.



### An Ghaeltacht
Cultúr sainiúil, teanga, agus mothú domhain áite Ghaeltacht Iorrais a chur ar taispeáint trí thacú le scéalaíocht thumthach, eachtraíocht fhiáin, agus oidhreacht.



### Baile Bhéal an Átha
Tógáil ar ról Bhéal an Átha mar thairseach go Tuaisceart Mhaigh Eo chun eispéiris bharántúla do chuairteoirí a chruthú a threisíonn a seasamh mar mhol réigiúnach bríomhar.

## Baile Chill Ala

Tacú le príomhthionscadail agus leis an bpobal chun a fhéiniúlacht a fhorbairt mar cheann scríbe chun cuairteoirí a spreagadh chun stopadh, iniúchadh agus fanacht ann.





## Cóiríocht

Tacú le fás lóistín sainiúil ar ardchaighdeán ar fud Mhaigh Eo Thuaidh chun a suíomh mar phríomhcheann scríbe feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin a neartú.



## Cumas Tógála

Ceannaireacht, comhoibriú agus cumas tionscail a neartú ar fud Thuaisceart Mhaigh Eo trí líonrú comhordaithe agus tacaíochtaí spriocdhírithe a thógann turasóireacht inbhuanaithe, ardchaighdeáin agus chuimsitheach.

# Tionscnaimh Tacaíochta Supporting Initiatives

## Bonneagar chun Tacú le Gníomhaíochtaí Uiscebhunaithe

A bhfuil ar siúl ó thaobh eachtraíocht uiscebhunaithe Mhaigh Eo Thuaidh a neartú trí phríomhchéibheanna, tránna agus áiseanna cósta a uasghrádú agus a chothabháil chun tacú le heispéiris shábháilte ardchaighdeáin do chuairteoirí.

## Tionscnaimh chun Tacú le Slatiascaireacht

Cur lena bhfuil ar fáil ó thaobh slatiascaireachta de i Maigh Eo Thuaidh trí áiseanna a fheabhsú, comhoibriú tionscail a neartú, agus eispéiris inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn do chuairteoirí.

## Loch Con agus Loch Cuilinn

Caitheamh aimsire inbhuanaithe uisce agus talamhbhunaithe ar Loch Conn agus Loch Cuilinn a chur chun cinn trí pháirtithe leasmhara a chomhordú, trí spléachadh eile a thabhairt ar choincheapa roimhe seo, agus trí dheiseanna nua bonneagair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a iniúchadh.

## Líonrú Scéalaíochta agus Ionaid Léirmhínithe do Chuairteoirí

Turas comhtháite do chuairteoirí a chruthú trí scéalta, téamaí agus ionaid léirmhíniúcháin Thuaisceart Mhaigh Eo a nascadh le mórscéal réigiúnach aontaithe.

## Earnálacha atá ag Teacht Chun Cinn a Neartú

Deiseanna a leathnú do chuairteoirí chun dul i ngleic leis na healaíona, le táirgí áitiúla agus leis an timpeallacht nádúrtha trí eispéiris nua chruthaitheacha, agrathurasóireachta agus éici-dhírithe.

## Inrochtaineacht

Rochtain ar an réigiún agus laistigh de a fheabhsú trí roghanna iompair phoiblí a leathnú, naisc le príomhshuímh a fheabhsú, agus tacú le rochtain chuimsitheach do gach cuairteoir.


Múrmhaisiú Bhaile an Chaisil ©Bartek Rybacki agus Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh

# Fís Vision

**Áit a chuireann duine faoi dhraíocht, aithnítear Maigh Eo Fhiáin mar cheann scríbe iontach amuigh faoin aer ina dtairgtear fásach agus eachtra thumthach do chách.**

Idir a himeallbhoird iontacha agus a tailte portaigh garbha, ctá tírdhreach sa réigiún spreagann cruthaitheacht agus a chuireann fáilte roimh an taiscéalaíocht. Saibhreas ann ó thaobh staire, oidhreachta agus cultúir de, cuireann Maigh Eo Fhiáin beocht ina scéalta trí chonairí tumtha, trí phobail bhríomhara, agus trí thraidisiúin cheiliúrtha. Déantar an Ghaeilge a chosaint agus á labhairt go bródúil, a chuireann téagar agus barántúlacht le gach eispéireas. Bíodh siad ar chonairí ársa siúil, ag bualadh le ceardaithe áitiúla, nó go simplí ag líonadh a gcuid scamhóg le haer aer an Atlantaigh fhiáin, fágtar cuairteoirí faoi dhraíocht agus cumha orthu ina dhiaidh.



Conair Chósta Chéide, Amharcléiriú coincheapúil ar an bhforbairt bheartaithe (chun críocha léiriúcháin amháin) – Comhairle Contae Mhaigh Eo

# Spriocthorthaí Target Outcomes

Leibhéil mhéadaithe cuairteoirí intíre agus cuairteoirí idirnáisiúnta ar fud an réigiúin

Fás ar an tairiscint chóiríochta

Infheistíocht i nithe is díol spéise do chuairteoirí agus i ngníomhaíochtaí a chuireann le mealltacht an chinn scríbe i margaí idirnáisiúnta agus intíre

Líonraí turasóireachta comhoibríocha gníomhacha a fhásann próifíl agus tarraingt na háite trí mhargaíocht chomhtháite Mhaigh Eo Fhiáin

Fás ar líon na n-eispéireas bia atá ar fáil agus an infhaighteacht ar tháirgí áitiúla ar bhiachláir sna bialanna ann

Nascacht fheabhsaithe do thurasóirí idirnáisiúnta ó Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire agus bunáiteanna réigiúnacha eile

Cuireann eispéiris léirmhínithe beocht i scéalta an réigiúin, rud a chothaíonn naisc mhothúchánacha agus meas cultúrtha

Eispéiris Ghaeilge ina ndéantarv ceiliúradh agus tumadh cultúrtha

Aithnítear Tuaisceart Mhaigh Eo mar cheann scríbe iontach amuigh faoin aer ina da tairgtear fásach agus eachtraí tumthacha do chách

Cur chuige comhaontaithe i leith forbairt turasóireachta inbhuanaithe a gcuireann ár gcuairteoirí, an tionscal turasóireachta agus an pobal áitiúil fáilte roimhe

# Príomhtháscairí Feidhmíochta DEDP
# DEDP Key Performance Indicators

Ioncam turasóireachta a mhéadú
**10%**
arna thomhas trí shonraí Bainistíochta Príomhchuntas (BPC) agus suirbhéanna gnó

Sástacht na gcuairteoirí a choinneáil ag
**91%**
arna thomhas ag an Suirbhé ar Dhearcadh Cinn Scríbe (SDCS)


Fás
**10%**
a bhaint amach i líon na gcuairteoirí ar nithe is díol spéise agus ar sholáthraithe gníomhaíochta, arna thomhas trí shonraí BPC agus suirbhéanna gnó

Rannchuidiú le dearcadh dearfach a choinneáil nó a mhéadú do chónaitheoirí Chontae Mhaigh Eo ar thurasóireacht a sholáthraíonn tairbhí do phobail aíochta, laistigh d'acmhainn shóisialta agus chomhshaoil an chinn scríbe, arna thomhas trí scóir Rátála Formheasa Turasóireachta (RFT).

Bunófar **figiúirí bonnlíne** maidir le cuairteanna, ioncam, sástacht chuairteoirí agus meon an phobail do DEDP Mhaigh Eo Fiáin i mBliain 1 den phlean agus úsáidfear iad mar phointe tagartha chun feidhmíocht a thomhas.


Béal Deirg

# Action Plan Plean Gníomhaíochta



Oileán Inis Cé, Leithinis Bhéal an Mhuirthead

| Acrainmneacha | |
|---|---|
| **CCCC** | Céide Coast Community Company/Comhlacht Pobail Chósta Céide |
| **CCME, MCC** | Mayo County Council/Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| **CFID** | Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile |
| **SWMDC** | South-West Mayo Development Company/Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo |
| **FI** | Fáilte Ireland |
| **IFI** | Inland Fisheries Ireland/Iascach Intíre Éireann |
| **OFÁ** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **SPNF** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **TII** | Transport Infrastructure Ireland/Bonneagar Iompair Éireann |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Tionscadail Chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Cósta Chéide**<br>Dírítear leis an tionscadal catalaíoch seo ar fhorbairt Chonair Chósta Chéide a chur chun cinn agus conair chósta den chéad scoth 15 km a chruthú a nascann dhá dhíol spéise shuntasacha – ag ceann amháin, tá suíomh Neoiliteach Achaidh Chéide agus Ionad Cuairteoirí a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus ag an gceann eile, Ceann Dhún Pádraig, Pointe Fionnachtana Sainaitheanta ar an Atlantach Fiáin. | | | | |
| **Conair Chósta Chéide** agus **Ceann Dhún Pádraig** (Catalaíoch) | **Conair Chósta Chéide**<br>• Oibriú i dtreo an chistithe chaipitil riachtanaigh a fháil. Leanúint ar aghaidh le suiteáil na n-aon droichead déag coise agus infreastruchtúr na conaire gaolmhaire atá ag teastáil feadh an bhealaigh – lena n-áirítear suiteáil cinn chonairí, comharthaíocht chinn chonairí, comharthaíocht mharcála sábháilteachta agus slí, fálú sábháilteachta, geataí agus stíleanna agus clárchosáin (nuair is gá).<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth leis na húinéirí talún chun an tsamhail bhainistíochta a fhorbairt don chonair. | **Ar lean agus fócas ar an ngearrthéarma dá chur chun cinn láithreach** | **MCC,CCME Comhlacht Pobail Chósta Chéide** | **FI** |
| | **Ceann Dhún Pádraig / Máistirphlean Bhaile an Chaisil**<br>• Máistirphlean a fhorbairt do Cheann Dhún Pádraig agus do Bhaile an Chaisil. Ba cheart go ndíreofaí leis an bplean seo ar eispéireas na gcuairteoirí agus ar bhainistíocht an láithreáin a bhaineann le Ceann Dhún Pádraig a neartú, mar shuíomh neamhspleách agus mar phríomheispéireas ar Chonair Chósta Chéide.<br>• Maidir le Ceann Dhún Pádraig agus an bealach rochtana ó Bhaile an Chaisil:<br>- Measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar uasghráduithe páirceála agus riachtanais leithris riachtanacha ag Ceann Dhún Pádraig. Ba cheart go laghdófaí an t-éileamh ar an mbonneagar ag láthair na gcuairteoirí trí fheabhas a chur ar rochtain ar áiseanna leithris i mBaile an Chaisil.<br>- Na huasghráduithe riachtanacha ar an mbealach rochtana ón R314 a shainaithint.<br>- Aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna satailte agus forbairt a dhéanamh ar na conairí neamhfhoirmiúla a sainaithníodh i dTuarascáil 2024 Fáilte Ireland maidir le Ceann Dhún Pádraig a rinneadh mar chuid den chlár Náisiúnta Monatóireachta Comhshaoil.<br>- Iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaíocht atá ann cheana, agus aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann faoi láthair maidir le comharthaíocht léirmhínitheach agus sábháilteachta/ teagaisc, lena n-áirítear comharthaíocht threorach isteach ón R314. | **Gearrthéarmach go meántéar-mach** | **CCME, MCC / FI** | **Comhlacht Pobail Chósta Chéide** (CPCC,CCCC) |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Tionscadail Chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Conair Chósta Chéide** agus **Ceann Dhún Pádraig** (Catalaíoch) | **Máistirphlean Cheann Dhún Pádraig / Bhaile an Chaisil ar lean:**<br>- Córas oiriúnach glantacháin agus cothabhála a bhunú don tsuiteáil Spiorad na hÁite ag poll séideáin 'Poll na Seantainne'.<br>- Le linn tréimhsí ardchuairte, measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht córas páirceála agus taisteal a fhorbairt ó Bhaile an Chaisil<br>- Cuir leis seo trí mhol rothaíochta a fhiosrú/tacú le mol rothaíochta i mBaile an Chaisil agus pointí fágála/ teacht le chéile ag Ceann Dhún Pádraig agus carrchlós Achaidh Chéide Achaidh Chéide chun níos mó solúbthachta a bheith ann an ceantar a fheiceáil i gceart.<br>• Maidir le **Baile an Chaisil** agus á fhorbairt mar ionad seirbhíse, úsáid a bhaint as an bpróiseas máistirphleanála chun tógáil ar acmhainneacht an tsráidbhaile le bheith ina lárionad seirbhíse straitéiseach do Chósta Chéide agus le bheith ina bhunáit inmharthana don eachtraíocht lasmuigh.<br>- Straitéis a shainaithint chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí faisnéise do chuairteoirí agus ar sholáthar áiseanna leithris, bia agus deoch, agus miondíol. Leanúint ar aghaidh ag obair le hÉicea-Champas Chósta Chéide agus le hionaid ionchasacha eile chun suíomh oiriúnach do sheirbhísí do chuairteoirí a mheas, agus bealaí chun sineirgí nua a fhorbairt le gníomhaíochtaí atá ann cheana féin.<br>- Oibriú leis an bpobal chun siúlóid atá féintreoraithe a fhorbairt laistigh den sráidbhaile, rud a tharraingeoidh aird ar a stair agus ar réimsí a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint leo, mar shampla 'An Seamlas'.<br>- Oibriú le gnólachtaí atá ann cheana, lena n-áirítear Dánlann Bhaile an Ghleanna agus ceardaithe áitiúla lena chinntiú go n-ardaítear leis an máistirphlean tábhacht na n-ealaíon cruthaitheach do Bhaile an Chaisil agus na naisc láidre atá ann idir tírdhreach agus na healaíona.<br>- Baile an Chaisil a shuíomh mar phointe rochtana ó thuaidh ar Pháirc Spéire Dorcha Mhaigh Eo. Dul i mbun plé ar a bheith ina Phobal Idirnáisiúnta Spéire Dorcha ag teacht sna sála ar Bhaile Uí Fhiacháin a bhfuil an rud céanna déanta acu. Oibriú leis na comhpháirtithe Spéire Dorcha chun aird a tharraingt ar na spéartha dorcha cósta – go háirithe ag Ceann Dhún Pádraig. | **Gearrthéar-mach go meántéarmach** | **CCME, MCC / FI** | **CCCC** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

## ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Tionscadail Chatalaíocha:

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| | **Líonra Bhealach an Iarthair agus Chonairí Mhaigh Eo** | | | |
| **Bealach an Iarthair agus Líonra Chonairí Mhaigh Eo Thuaidh** (Catalaíoch) | **Bealach an Iarthair**<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn forbairt straitéiseach Bhealach an Iarthair laistigh de Mhaigh Eo Thuaidh. Suíomhanna a shainaithint ina bhfuil gá le naisc le conairí atá ann cheana agus ina bhfuil gá le hobair bhreise chun codanna nua easbhóthair a bhunú. An áit a shainaithint ina bhfuil gá le tuilleadh anailíse féidearthachta chun an bealach réamh-mheasta a chinneadh.<br>- Leanúint ar aghaidh ag measúnú comharthaíocht treorach agus léirmhínitheach, roghanna lóistín, bonneagar conairí, prótacail ainmniúcháin i gceantair ina nascann sé le conairí áineasa atá ansin cheana féin, agus brandáil don chonair 300 km+ atá beartaithe.<br>- Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé droichead crochta nua a shuiteáil san áit a bhfuil an chonair ag druidim le Baile an Chaisil. D'osclódh sé sin radharc i dtreo Cheann Dhún Pádraig agus chruthódh sé nasc fisiúil le Conair Chósta Chéide.<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile chun an chonair a uasghrádú trí Pháirc Náisiúnta Néifinne Fiáine agus athbhealach a dhéanamh trí Abhainn Eidhneach. Roghanna a fhiosrú chun nascadh trí Bhéal Átha Chomhraic trí rannóg easbhóthair.<br>- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais do rothaithe, lena n-áirítear codanna siúlóide clárchosáin a bhaint nuair is gá.<br>• Leanúint ar aghaidh ag fiosrú agus ag saothrú roghanna ábhartha chun cóiríocht a fhorbairt ar féidir leo riachtanais úsáideoirí conairí éagsúla a chomhlíonadh.<br>- Oibriú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) chun forbairt sraith botaithe (scáthláin thar oíche fágtha gan aon ghlas orthu) a chur chun cinn ar fud Raon Néifinn Bheag agus múnla a bhunú le cúram agus cothabháil a dhéanamh ar na struchtúir sin<br>- Leanúint ar aghaidh ag measúnú a indéanta atá sé lóistín i mbrú a chruthú i bhfoirgnimh atá as úsáid, atá ansin cheana féin agus atá suite gar don chonair, lena n-áirítear foirgneamh na mbeairicí ag Béal Átha Chomhraic.<br>- Oibriú le gnólachtaí cóiríochta atá ann cheana féin chun roghanna a shainaithint a léiríonn leibhéil éagsúla chompoird, agus cumas na ngnólachtaí sin bagáiste a aistriú do chuairteoirí. | **Ongoing** | **NPWS** | **Coilte; Bord na Mona; FI** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

## ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Tionscadail Chatalaíocha:

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Bealach an Iarthair agus Líonra Chonairí Mhaigh Eo Thuaidh** (Catalaíoch) | **Conairí Mhaigh Eo Thuaidh**<br>• Smaoineamh ar **straitéis conairí ar fud an chontae** a fhorbairt mar cháipéis bheartais a bheidh ag teacht le cur chun feidhme Phlean Áineasa Allamuigh Mhaigh Eo atá le teacht agus a thacóidh leis an gcur chun feidhme sin.<br>• **Fóram/meitheal chonairí Mhaigh Eo** a bhunú a oibreoidh le Comhairle Contae Mhaigh Eo ar bhonn leanúnach chun tosaíochtaí straitéiseacha a chinneadh maidir le conairí áineasa agus glasbhealaí a fhorbairt, a bhainistiú agus a ghiaráil.<br>• Úsáid a bhaint as an bhfóram agus as an bpróiseas pleanála straitéise ar fud an chontae chun gach líonra conairí atá ann cheana a shainaithint, tionscadail bheartaithe agus tionscnaimh uaillmhianacha, lena n-áirítear roghanna bealaigh do Bhealach an Iarthair agus oibriú i dtreo tosaíochtaí agus deiseanna forbartha a shainaithint ar bhealach a fhéadfaidh tiomantas áitiúil a ghiaráil agus na moil eolais áineasa lasmuigh atá beartaithe a úsáid chun iarratais ar dheontais agus staidéir forbartha ghaolmhara a chuíchóiriú. | **Meántéarma** | **CCME Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Mhaigh Eo** | **Grúpaí Siúlóide Pobail; Coiste Áineasa Allamuigh Chontae Mhaigh Eo; TII** |
| | **Tionscnaimh Áitiúla**<br>Tá réimse leathan tionscnamh a bhaineann le conairí ar gá iad a nascadh le chéile chun ár dtairiscint eachtraíochta fiáine a neartú, agus ba cheart measúnú breise a dhéanamh orthu as a gcumas cur leis an taitneamh a bhainfidh an cuairteoir as oidhreacht ár mbeatha, ár dtalún agus ár bhfarraige. Seo a leanas samplaí de thionscadail reatha agus/nó tionscadail bheartaithe ar gá tacú leo ar bhealach cuí. | | | |
| | • **Conairí lúbtha Iorrais/an Mhuirthead:** leanúint ar aghaidh leis na moltaí a leagtar amach i dTuarascáil Mheasúnaithe Láithreáin 2023 Shiúlóidí Chósta Iorrais, lena n-áirítear obair ar staidéar féidearthachta iomlán.<br>- Oibriú i gcomhar le Comhar Dún Chaocháin Teo chun Ceathrú Thaidhg a bhunú – An tSeanscoil mar cheantar cúlra suntasach do na cosáin lúbtha i gCill Chomáin. | **Ar lean** | **Comhar Dún Chaocháin Teo** | **CCME, MCC; Údarás na Gaeltachta; úinéirí talún** |
| | • **Conair Bhaingear / Ceann chonaire Iorrais Bhaingear:** roghanna a fhiosrú chun ról Iorrais Bhaingear a neartú mar mhol laistigh de ghréasán conairí níos leithne trí dheiseanna a mheas chun córas conairí a fhorbairt siar go Gaoth Sáile agus soir go Bealach an Iarthair. | **Ar lean** | **CCME, MCC** | **Coillte; Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo CTR** (SWMDC) |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Tionscadail Chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Bealach an Iarthair agus Líonra Chonairí Mhaigh Eo Thuaidh** (Catalaíoch) | **Tionscnaimh Áitiúla** ar lean<br>• **Síneadh a chur le Conair Chósta Chéide:** iniúchadh a dhéanamh ar an deis chun Conair Chósta Chéide a leathnú. | Níos fadtéarmaí | CCME, MCC | FI; úinéirí talún |
| | • **Crois Mhaoilíona go to Enniscoe:** tá an tionscnamh seo mar chuid de thionscadal conaire níos faide a cheanglódh Crois Mhaoilíona le Caonach. Tá sé de chumas aige ról Chrois Mhaoilíona a neartú mar mhol chun Enniscoe agus Loch Conn a fhiosrú. | Ar lean | Grúpa Turasóireachta Thearmann Néifinne | CCME, MCC; FI; úinéirí talún |
| | • **Pontún chuig an gCnoc Mór:** Cabhrú leis an bpobal áitiúil le tuilleadh staidéir timpeallachta má tá gá lena leithéid. | Meántéarma | Grúpa Forbartha Phontúin/ an Chnoic Mhóir | SPNF; CCME, MCC; FI; úinéirí talún |
| | • **Conairí Bhéal Easa:** próifíl chonairí Shliabh Gamh a neartú. Trí dhul trí Bhéal Easa nó gar dó, tugtar deiseanna nua don phobal spoir lúbtha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus an baile a shuíomh mar cheann scríbe rothaíochta. | Ar lean | CCME, MCC | Cuideachta Chomhpháirtíochta LEADER Oirthuaisceart Mhaigh Eo Theoranta; úinéirí talún |
| | • **Cill Ala go Béal an Átha** – conair áineasa Mhainistreacha na Muaidhe: tá an chonair 14 km seo chun cinn go maith. Leanúint ar aghaidh ag aithint roghanna chun eispéireas iomlán easbhóthair a sholáthar.<br>- Fiosrú a dhéanamh maidir le bealaí chun an chonair a leathnú siar chun nasc a dhéanamh tríd chuig Conair Chósta Chéide. | Ar lean | CCME, MCC | FI; úinéirí talún |
| | • **Béal an Átha go hInis Crabhann** – leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an gconaire áineasa atá beartaithe idir an dá phobal trí chur i bhfeidhm staidéar féidearthachta 2022 a chur chun cinn. | Ar lean | CCME, MCC | Cuideachta Chomhpháirtíochta LEADER Oirthuaisceart Mhaigh Eo Theoranta |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Ag Tacú le Tionscnaimh:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| | **Ag tacú le Tionscnaimh**<br>**Bonneagar chun tacú le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe** | | | |
| **Bonneagar chun tacú le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe** | • Measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar gach cé agus fánán atá á n-úsáid chun críocha fóillíochta agus taitneamhachta.<br>• Pleananna cothabhála leanúnacha a fhorbairt do na céanna agus na fánáin.<br>Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na céanna seo a leanas mar thosaíocht i bhfianaise a bpoitéinseal láithreach chun tacú le gníomhaíocht agus eachtraíocht uiscebhunaithe. | **Ar lean** | **CCME, MCC** | |
| | **Cé an Fhóid Duibh:**<br>• Comhaontú a fhorbairt idir CCME agus úsáideoirí reatha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothabhála agus glantacháin a fheabhsóidh sábháilteacht cuairteoirí.<br>• Áiseanna seirbhísithe do chuairteoirí a fhorbairt de réir an róil atá ag teacht chun cinn i gceantar na cé do réimse gníomhaíochtaí:<br>- Portaloo a shuiteáil le linn phríomhshéasúr na gcuairteoirí. Tabharfaidh siad sin seirbhís do chuairteoirí go dtí an Teach Solais, chomh maith le cuairteoirí ag dul go hoileáin Inis Gé.<br>- Oibriú le Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile (CFID) chun ionad seirbhíse iniompartha a shuiteáil ag an gcé a chuirfidh nascacht Wi-Fi, sólaistí éadroma agus seirbhísí ticéadaithe ar fáil.<br>• Leanúint ar aghaidh ag measúnú riachtanais bhonneagair chun rochtain dhíreach ar Dhumha Goirt a fhorbairt.<br>• Athmheas a dhéanamh ar na pleananna muiríne a cuireadh i dtoll a chéile don Fhód Dubh tuairim is cúig bliana ó shin. | **Gearrthéarma** | **CCME, MCC** | **CFID; Údarás na Gaeltachta** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Ag Tacú le Tionscnaimh:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Bonneagar chun tacú le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe** | **Cé Chill Ala**<br>• Fásfaidh tábhacht Ché Chill Ala mar shócmhainn turasóireachta go mór le cur chun feidhme Chéad Phlean Lár Bhaile Chill Ala. Go hachomair, tacaíonn an PFCSE seo leis na tionscadail atá beartaithe don réimse poiblí atá ag díriú ar limistéar an chuain agus atá ag moladh 'athchóiriú cuain' a chuirfeadh limistéar na cé i ngníomh le feabhsuithe ar na naisc leis an mbaile. | Gearrthéarmach go meántéarmach | CCME, MCC | |
| | **Cé Chill Chuimín**<br>• Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothabhála láithreacha a bhaineann leis na céimeanna agus an fánán a ghlanadh.<br>• Seomra feistis a fhorbairt ag an gcé chun freastal ar riachtanais na hearnála eachtraíochta lasmuigh atá ag dul i méid, agus chun suíomh Mhaigh Eo Thuaidh a neartú mar mhol eachtraíochta. | Gearrthéarmach go meántéarmach | CCME, MCC | |
| | **Cill Ardubh, Ráth Leacáin, Baile an Chaisil**<br>• Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta agus cothabhála láithreach chun earnáil na hearnála lasmuigh a éascú agus chun freastal ar riachtanais leanúnacha a bhaineann le hiascaireacht, agus cuardach agus tarrtháil.<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair le Comhlacht Pobail Chósta Chéide chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé linn taoide a fhorbairt ag Cill Ardubh, agus an coincheap a chur chun cinn dá réir. | Gearrthéarma | CCME, MCC | CCCC |
| | **Trá an Rois**<br>• Na huasghráduithe ar shaoráidí leithris leis na cistí a fuarthas le déanaí a chur chun feidhme chun cosc a chur ar na fadhbanna reatha a eascraíonn as ró-úsáid agus acmhainn theoranta umair.<br>• Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar shiúlán cósta atá beartaithe nó ar nascacht uisce-bhunaithe mhalartach idir Cill Ala agus Trá an Rois.<br>**Trá Bharr na Rinne**<br>• Measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na campála fiáine i limistéir choimíneachta. | Meántéarma | CCME, MCC | |

Fáilte Ireland
WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

## ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Ag Tacú le Tionscnaimh:

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| | **Tionscnaimh chun tacú leis an tslatiascaireacht** | | | |
| **Tionscnaimh chun tacú leis an tslatiascaireacht** | • Oibriú le IFI chun feasacht thionscal na turasóireachta ar thábhacht na hearnála seo a ardú, agus riachtanais an chuairteora a thagann go Tuaisceart Mhaigh Eo le haghaidh turas slatiascaireachta, lena n-áirítear seomra maith triomaithe, rochtain ar reoiteoir, solúbthacht maidir le béilí, lónta pacáilte, agus ábhar slatiascaireachta.<br>- Tacú leis an tslatiascaireacht trí íomhánna nua den ghníomhaíocht a fhorbairt. | **Ar lean** | **IFI** | **FI; Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh** |
| | • Oibriú le IFI chun straitéis a fhorbairt a spreagfaidh oibreoirí ar ais chuig gnó na cairte.<br>- Leanúint ar aghaidh chun aird a tharraingt ar líon mórthaibhseach na speiceas is féidir a ghabháil ar muir. | **Ar lean** | **FI** | **IFI** |
| | • Leanúint ar aghaidh ag feabhsú eispéireas slatiascaireachta agus feasacht an phobail ar shaincheisteanna gaolmhara maidir leis an inbhuanaitheacht:<br>- Oibriú le clubanna slatiascaireachta áitiúla, grúpaí pobail agus IFI chun feabhsuithe bonneagair a theastaíonn chun rochtain a fheabhsú agus cáilíocht an eispéiris a fheabhsú a aithint.<br>- Cabhrú le pobal Chill Chomáin ardáin slatiascaireachta a fhorbairt ag Port an Chlóidh agus ar an Rinn Rua.<br>- Oibriú i gcomhar le chéile chun aird a tharraingt ar an áit a bhfuil tionscadail feabhsaithe gnáthóige, mar shampla an gá atá le haibhneacha a fheabhsú ó thaobh sceitheadh uibheacha de agus bearta a theastaíonn chun tabhairt faoi thionscadail a aithint. Úsáid a bhaint as cásanna den sórt sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh turasóireacht athghiniúnach, áit a bhféadfadh cuairteoirí páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail athchóirithe.<br>- Oibriú le IFI agus le hoibreoirí turasóireachta chun cabhrú le IFI pacáistí a fhorbairt, amhail imeachtaí a dhíríonn ar mhná a mhealladh, agus leanúint ar aghaidh ag cur imeachtaí pobail chun cinn a cheiliúrann an earnáil slatiascaireachta.<br>• Oibriú le IFI chun coincheap na dturas bradán ar an gcora a fhorbairt tuilleadh, agus réitigh inoibritheacha chun an t-eispéireas a sheachadadh ar bhonn rialta. | **Ar lean** | **IFI** | **Clubanna slatiascaireachta áitiúla; CCME, MCC; Oibreoirí turasóireachta** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

### ÁR nEACHTRA FHIÁIN – Ag Tacú le Tionscnaimh:

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscnaimh chun conair uisce Loch Con agus Loch Cuilinn agus éici-eachtraíocht a neartú** | | | | |
| **Tionscnaimh chun conair uisce Loch Con agus Loch Cuilinn agus éici-eachtraíocht a neartú** | • Grúpa páirtithe leasmhara trasphobail a bhunú, lena n-áirítear SPNF, grúpaí feirmeoireachta, úinéirí talún, Fáilte Ireland, agus oibreoirí gníomhaíochta ábhartha chun páirt a ghlacadh i réamhphléití.<br>- Tógáil ar an togra ón gComhairle le déanaí chun tionscadal LIFE a fhorbairt i bPontún chun deiseanna a fhiosrú do na lochanna agus do Choillte na Dromainne.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnamh 'Gormbhealach' Chrois Mhaoilíona go Béal Easa 2021, agus a chinneadh cad a chuir cosc ar an tionscnamh seo seasamh a choinneáil sa mhargadh.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht eispéireas cuí uiscebhunaithe a fhorbairt le gnéithe gaolmhara de ghníomhaíochtaí talamhbhunaithe.<br>- Úsáid a bhaint as an bpróiseas pleanála chun suíomh a aithint do phontún atá ar fáil le húsáid ar Loch Conn.<br>• Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht do bhonneagar nua a chuirfidh eispéireas ar fáil de réir na timpeallachta íogaire agus rochtain mhaith ar an uisce a cheadú fós | **Gearrthéar-mach go meántéar-mach** | **SPNF** | **IFI; CCME, MCC; FI; Uiscebhealaí Éireann; Grúpa Forbartha an Chnoic Mhóir/ Phontúin** |



Loch Conn agus Néifinn, in aice le Crois Mhaoilíona

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**Oidhreacht ár mBeatha, ár dTalún agus ár bhFarraige – tionscadail chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| | **An Ghaeltacht** | | | |
| **An Ghaeltacht** (Catalaíoch) | **Béal an Mhuirthead a Neartú mar Chroí-Mhol agus mar Bhaile Cinn Scríbe laistigh den Ghaeltacht**<br>• **Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead:**<br>- Deiseanna a fhiosrú trí chláir infheistíochta caipitil chun an t-eispéireas a fheabhsú tuilleadh trí leithreas, cithfholcadáin agus áiseanna seomra feistis a chur leis. Smaoineamh ar an bhféidearthacht limistéar suíocháin/sólaistí a chur leis.<br>• Oibriú leis an bpobal chun achomharc Bhéal an Mhuirthead a leathnú mar chroí-mhol agus baile cinn scríbe laistigh den Ghaeltacht. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi phlé pleanála atá dírithe ar choincheapa nua a thabhairt chun cinn.<br>- Forbairt a dhéanamh ar an tsiúlóid lúbtha atá beartaithe timpeall an bhaile, agus radharc ann ar mhuirdhreacha an dá bhá. An obair a tionscnaíodh trí thionscnamh an Bhaile Cinn Scríbe a chomhtháthú agus leanúint leis na hiarrachtaí chun braistint áite ag tosach an chuain a neartú mar chuid den tsiúlóid chiorclach seo.<br>• **Túir Uisce Bhéal an Mhuirthead:** tá na trí thúr, atá fós in úsáid, ina sainchomhartha suntasach sa tírdhreach áitiúil. Mar 'tús as an nua', tugann na túir deis a bheith ina ráiteas fisiúil ar ghnéithe den saol sa Ghaeltacht – rud a fhágann gur díol spéise iad as a stuaim féin.<br>- Smaoinigh ar dhul i mbun oibre le hUisce Éireann agus leis an bpobal chun téamaí a aithint a d'fhéadfaí a léiriú ar na túir. Bain úsáid as díospóireachtaí pobail chun a léiriú conas is féidir le healaín den chineál sin féiniúlacht a fheabhsú.<br>- Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun rochtain ar an gconair chuig na túir a fhorbairt. | **Ar lean** | **CCME, MCC** | **Turasóireacht Iorrais Teo; Údarás na Gaeltachta; Comhlachas Tráchtála Bhéal an Mhuirthead; Uisce Éireann** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**Ár nOidhreacht na Beatha, na Talún agus na Farraige – tionscadail chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **An Ghaeltacht** (Catalaíoch) | Tá éileamh suntasach ar an **nGALF** laistigh de cheantar Bhéal an Mhuirthead. Meallann galfchúrsa an Chairn 14,000 cuairteoir in aghaidh na bliana, agus tá Meiriceá Thuaidh lárnach dá mhargadh idirnáisiúnta.<br>• Tacú leis na pleananna chun cóiríocht ar an láthair a fhorbairt ag Galfchúrsa an Chairn. Tá an spás leapa teoranta laistigh den cheantar, go háirithe i bhfianaise cé chomh mór is atá margadh na bainise i mBéal an Mhuirthead, agus teastaíonn cóiríocht nua chun an earnáil sin a fhás.<br>• Oibriú le Galfchúrsa an Chairn ina mianta chun Comórtas Oscailte na hÉireann a óstáil.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun cur leis an nGaeilge laistigh d'eispéireas gailf na Gaeltachta<br>- Aird a dhíriú ar an ngalfchúrsa beag ag Dumha Thuama mar eispéireas sainiúil i suíomh iontach agus cuir chuige nua a spreagadh chun é a phacáistiú le go mbeadh sé ina thairiscint réigiúnach níos leithne. | **Gearrthéar-mach go meántéar-mach** | **Turasoireacht Iorrais Teo; Galfchúrsa an Chairn** | |
| | **An Saol Áitiúil sa Ghaeltacht a Chur i Láthair**<br>• **Cur chuige braisle-bhunaithe a fhorbairt** chun eispéiris atá ann cheana a shaibhriú agus eispéiris nua a fhorbairt.<br>- **Leithinis an Mhuirthead** – leanúint le hoibreoirí gníomhaíochta seanbhunaithe a chur chun cinn laistigh den leithinis agus den Fhód Dubh a bhfuil fócas láidir teanga mar dhea-chleachtais acu agus tacú lena bhforbairt leanúnach nuair is féidir. Cuidiú le tairiscintí geimhridh a fhorbairt.<br>- **Gaoth Sáile / Geesala** – obair leis an bpobal chun an ghné turasóireachta spóirt atá ag fás a thógáil. Cabhrú le heagraithe an clársceidealú a fheabhsú trí chuairteanna áitiúla, trí úsáid níos fearr a bhaint as an nGaeilge, agus trí eispéiris phacáistithe do bhaill teaghlaigh.<br>- **Cill Chomáin** – oibriú leis an bpobal chun a gcuid mianta a bhaint amach maidir le héiceathurasóireacht a fhorbairt agus eispéiris a chruthú a léiríonn an cultúr áitiúil agus scileanna traidisiúnta.<br>. Sásraí a aithint chun cabhrú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí turasóireachta a leagtar amach i bPlean Forbartha Chill Chomáin 2022-2026<br>. Tacú le Comhar Dún Chaocháin Teo chun oidhreacht chultúrtha/bonn gníomhaíochta lasmuigh níos láidre a fhorbairt ag Ceathrú Thaidhg.<br>. Bealaí nua a fhiosrú chun scéal Táin Bó Fliodhais / Cattle Raid of Mayo a bheochan. | | **Údarás na Gaeltachta** | **FI; CCME, MCC; CFID Comhar Dún Chaocháin Teo; Seirbhísí Chúraim Chill Chomáin Cuideachta Faoi Theorainn Rathaíochta; Grúpaí pobail áitiúla** |

# Action Plan Plean Gníomhaíochta

**Ár nOidhreacht na Beatha, na Talún agus na Farraige – tionscadail chatalaíocha:**

| Tionscadal | Gníomh | Am | Príomh- | Chomhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
